# Tomhais an rún atá agam

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Láimhseáil Sonraí - rangú, sórtáil<br>Cruth agus Spás - cruthanna 2T, cruthanna 3T<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht* |
| **Scileanna Forbartha** | • Eagar a léiriú ina gcuid oibre praiticiúla<br>• A gcuid oibre a léiriú trí phictiúir agus réada a úsáid<br>• Teanga chuí mhatamaiticiúil a úsáid le ceisteanna a fhreagairt faoina gcuid oibre |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | bloic loighce, dathanna – gorm, dearg, buí, cruthanna – cearnóg, ciorcal, dronuilleog, triantán,<br>méid – mór, beag, tiús – tiubh, tanaí, gné |
| **Áiseanna** | bloic loighce/airíonna, fáinne sórtála, Uirlis Sórtála Mol Mata, cártaí critéar (ar fáil sa leabhar *Réidh Socair, Déan Mata*) |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Cuireann an múinteoir fáinne sórtála i lár tábla nó Léaráid Venn ar an scáileán, agus cuireann sé fothacar de 12 bhloc go randamach thart ar an fháinne. Roghnaíonn dalta amháin critéar an fhothacair go rúnda agus beidh an duine sin ag feidhmiú mar 'choimeádaí' an ghrúpa. Thig leis an dalta cárta critéar a úsáid le cur i gcuimhne dó féin an critéar a roghnaigh sé. Ansin, cuireann na daltaí eile na bloic i láthair, ceann ar cheann, agus má tá airí rúnda ag an bhloc, cuireann an coimeádaí in iúl go rachaidh sé isteach san fháinne. Cuirtear na bloic nach bhfuil an t-airí rúnda acu taobh amuigh den fháinne. Cuspóir an chluiche ná an rún a thomhas. Is é an dalta a n-éiríonn leis an rún a thomhas an coimeádaí ar an chéad seal eile.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén t-ainm atá ar an fhothacar?<br>• Cad é an cruth mór/beag? | • Cad chuige ar roghnaigh tú an airí seo?<br>• Cad iad na hairíonna eile is féidir leat a roghnú?<br>• Cad iad na cruthanna eile is féidir a chur leis an fhothacar nach bhfuil ann cheana féin? Cad chuige? |

## Difreáil

Is féidir líon/cineálacha cruthanna a shocrú de réir thuiscint na ndaltaí. Is féidir an ghníomhaíocht a shíneadh le sórtáil de réir critéar maidir le coincheapa matamaitice eile, m.sh. uimhreacha, boinn srl. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.